Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Feabhra 2025
(OR. en)

5616/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0320 (NLE)**

**ENFOPOL 26
CRIMORG 8
CT 5
IXIM 15
COLAC 8
CORDROGUE 5
JAI 84**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu |

**CINNEADH (AE) 2025/ ... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach**
**agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir**
**le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le**
**Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)**
**agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 88, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], déantar foráil gur féidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn, *inter alia*, comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(2) An 15 Bealtaine 2023, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle chun teacht ar chomhaontú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Brasaíle atá inniúil as coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(3) Tugadh i gcrích go rathúil an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu (‘an Comhaontú’) agus cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe an 18 Deireadh Fómhair 2024.

---

**1** Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

(4) Leis an gComhaontú bunaítear caidreamh comhoibritheach idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle, agus ceadaítear leis sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a aistriú eatarthu, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(5) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina hiomláine Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena n-áirítear an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Europol faoin gComhaontú a chosaint.

(6) Ní dhéanann an Comhaontú difear d'aistriú sonraí pearsanta nó cineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus tá sé gan dochar don aistriú sin.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim 2/2025 uaidh an 10 Feabhra 2025.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu a údarú thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe thuasluaite[1+].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

[+] Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 5617/2025.